AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2024
COM(2024) 558 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir le trasuí Threoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir le trasuí Threoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú

1. TREOIR ECN+: A BUNÚS AGUS A SPRIOCANNA

Féachann rialacha an Aontais in aghaidh trustaí le hiomaíocht éifeachtach a chinntiú sa mhargadh inmheánach. Le hAirteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') cuirtear toirmeasc ar chomhaontuithe idir dhá chuideachta nó níos mó lena gcuirtear srian ar an iomaíocht, cuir i gcás cairtéil idir iomaitheoirí chun praghsanna a shocrú. Le hAirteagal 102 CFAE, cuirtear toirmeasc ar ghnólachtaí a bhfuil ceannasacht sa mhargadh acu mí-úsáid a bhaint as an staid sin, mar shampla trí lacáistí neamhdhleathacha a sholáthar nó trí phraghsáil chreachach a chur i bhfeidhm.

Ó 2004 i leith, tá sé de chumhacht ag údaráis iomaíochta sna Ballstáit ('údaráis iomaíochta náisiúnta') faoi Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ([1]) rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a chur i bhfeidhm in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach.

Déanann an Coimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú i ndlúthchomhar laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta ('ECN'). De ghnáth, déanann an Coimisiún imscrúdú ar chleachtais fhrithiomaíocha nó comhaontuithe frithiomaíocha lena dtéitear i bhfeidhm ar an iomaíocht i dtrí Bhallstát nó níos mó, nó i gcás ina bhfuil sé úsáideach fasach uile-Aontais a bhunú. Is minic a bhíonn na húdaráis iomaíochta náisiúnta i riocht maith chun gníomhú i gcás ina bhfuil difear suntasach déanta don iomaíocht ina gcríoch féin ([2]).

Trí údaráis iomaíochta náisiúnta a chumhachtú, cruthaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle córas díláraithe chun rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú, gan modhanna agus ionstraimí mionsonraithe a leagan síos, áfach, chun na rialacha sin a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. Chiallaigh sé sin, cé gur chuir na húdaráis iomaíochta náisiúnta na rialacha substainteacha céanna i bhfeidhm, go raibh a gcumhachtaí imscrúdaitheacha agus cinnteoireachta faoi réir an dlí náisiúnta.

Tar éis don Choimisiún 10 mbliana de thaithí a bhailiú leis an gcóras forfheidhmiúcháin díláraithe, shainaithin sé roinnt réimsí ina raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta ([3]). An 22

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh, IO L 1, 4.1.2003 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1/oj ('Rialachán (CE) Uimh. 1/2003').

([2]) Féach Roinn 2.1 'Prionsabail leithdháilte' den Fhógra ón gCoimisiún maidir le comhar laistigh de Ghréasán na nÚdarás Iomaíochta, IO C 101, 27.4.2004, lch. 43.

([3]) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Ten Years of Antitrust Enforcement under Regulation 1/2003: Achievements and Future Perspectives* [Deich mbliana d'fhorfheidhmiú in aghaidh trustaí faoi

Márta 2017, mhol an Coimisiún treoir maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú ([4]).

An 11 Nollaig 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir (AE) 2019/1 ([5]) ('Treoir ECN+') go cuí. Ba é ab aidhm léi a áirithiú go bhfuil an méid a leanas ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta: (i) ráthaíochtaí bunúsacha maidir le neamhspleáchas agus acmhainní; (ii) príomhchumhachtaí imscrúdaitheacha, cinnteoireachta agus fíneála; (iii) cláir thrócaire; agus (iv) sásraí le haghaidh cúnamh frithpháirteach.

Tháinig an Treoir ECN+ i bhfeidhm an 3 Feabhra 2019. Bhí ar na Ballstáit an Treoir ECN+ a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 4 Feabhra 2021.

2. RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA SEO

Faoi Airteagal 35 de Threoir ECN+, ní mór don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 12 Nollaig 2024 maidir le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach. Más iomchuí, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir ECN+ agus, más gá sin, féadfaidh sé togra reachtach a thíolacadh.

Dírítear sa tuarascáil seo ar an gcaoi ar trasuíodh príomhfhorálacha Threoir ECN+ sna Ballstáit sin a bhfuil an próiseas trasuite curtha i gcrích acu. Leagtar béim inti ar na príomhfheabhsuithe a tháinig as Treoir ECN+ sna Ballstáit sin agus ar na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh maidir le trasuí na Treorach. Sonraítear ann freisin na forbairtí ionchasacha i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('CBAE') a d'fhéadfadh gnéithe áirithe de Threoir ECN+ a mhúnlú a thuilleadh.

Ós rud é nár chomhlíon go leor Ballstát an sprioc-am de dhá bhliain le haghaidh trasuí, tá sé róluath fós tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ar cuireadh Treoir ECN+ chun feidhme nó athbhreithniú fóinteach a dhéanamh uirthi.

3. RÓL AN CHOIMISIÚIN LE LINN AN PHRÓISIS TRASUITE AGUS INA DHIAIDH

3.1. Cúnamh teicniúil an Choimisiúin do na Ballstáit

Go gairid tar éis ghlacadh Threoir ECN+, thionóil an Coimisiún cruinniú leis na Ballstáit uile chun na forálacha a phlé. Mar obair leantach agus ar fud na bpróiseas reachtach náisiúnta, d'fhreagair an Coimisiún ceisteanna ó na Ballstáit maidir le conas forálacha Threoir ECN+ a léirmhíniú, phléigh sé na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun í a thrasuí agus thug sé barúlacha neamhfhoirmiúla maidir le dréachtbhearta náisiúnta trasuite ([6]).

Rialachán 1/2003: An méid a baineadh amach agus ionchais don am atá le teacht], COM(2014) 453 final, an 9 Iúil 2014.

([4]) COM(2017)142 final an 22 Márta 2017.

([5]) Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, IO L 11, 14.1.2019, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1/oj ('Treoir ECN+).

([6]) Mar shampla, chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le comhréireacht córais maoiniúcháin de chuid údaráis iomaíochta náisiúnta i bhfianaise cheanglais neamhspleáchais Threoir ECN+ (féach, Airteagal 4 agus Aithris 17).

3.2. Sáruithe ar neamhchumarsáid i ndáil le bearta trasuite

Níor chomhlíon dhá Bhallstát is fiche an sprioc-am de dhá bhliain le haghaidh trasuí ([7]). I mí an Mhárta 2021, chuir an Coimisiún tús le himeachtaí um shárú in aghaidh na mBallstát sin maidir le neamhchumarsáid i ndáil le bearta trasuite. In 2022 agus 2023, ghlac an Coimisiún na chéad chéimeanna eile sna himeachtaí um shárú in aghaidh na mBallstát nár thug fógra dó fós faoi aon bheart trasuite: i mí Mheán Fómhair 2022, chuir sé tuairimí réasúnaithe faoi bhráid na hEastóine, Lucsamburg, na Polainne agus na Slóivéine maidir le neamh-thrasuí; i mí Iúil 2023, d'eisigh sé tuairim réasúnaithe i gcoinne na Rómáine agus tharchuir sé an Eastóin chuig CBAE.

Faoi mhí na Nollag 2023, bhí Treoir ECN+ trasuite ag na Ballstáit uile, seachas an Eastóin. Tá na himeachtaí um shárú in aghaidh na hEastóine maidir le neamh-thrasuí ar feitheamh os comhair CBAE ([8]).

3.3. Measúnuithe comhlíontachta an Choimisiúin ar bhearta trasuite

I gcomhréir lena Threoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr ([9]), rinne an Coimisiún faireachán ar thrasuí Threoir ECN+ sna Ballstáit trí mheasúnuithe comhlíontachta a dhéanamh ar iomláine agus comhréireacht na mbeart náisiúnta trasuite araon.

4. PRÍOMHFHORÁLACHA THREOIR ECN+ AGUS TRASUÍ THREOIR ECN+

4.1. Neamhspleáchas agus acmhainní

Áirithítear le Caibidil III de Threoir ECN+ go bhfuil na ráthaíochtaí riachtanacha neamhspleáchais ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus rialacha an Aontais in aghaidh trustaí á bhforfheidhmiú acu agus go bhfuil na hacmhainní acu a theastaíonn uathu chun a gcuid oibre a dhéanamh, ar réamhriachtanais iad chun rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

Le hAirteagal 4 tugtar isteach tacar íosta ráthaíochtaí neamhspleáchais d'údaráis iomaíochta náisiúnta. Tá an tsaoirse ag na Ballstáit ráthaíochtaí breise neamhspleáchais a leagan síos. Beartaítear leis an Treoir neamhspleáchas oibríochtúil a bheith ann, rud a chiallaíonn neamhspleáchas i bhfeidhmiú a ndualgas agus a gcumhachtaí (féach aithrisí 17, 18 agus 22). Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh foireann na n-údarás iomaíochta náisiúnta treoracha a lorg ná a ghlacadh ón rialtas ná ó aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile, agus go staonfaidh siad ó ghníomhaíochtaí nach bhfuil ag luí lena ndualgais agus lena gcumhachtaí; ní féidir cinnteoirí a dhífhostú ar chúiseanna a bhaineann le feidhmiú cuí a ndualgas agus a gcumhachtaí, agus ní mór iad a roghnú, a earcú nó a cheapadh de réir nósanna imeachta soiléire agus trédhearcacha. Ar deireadh, ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta a dtosaíochtaí a shocrú ina n-iomláine agus a bheith in ann diúltú do ghearáin fhoirmiúla ar fhorais tosaíochta.

([7]) Níor thug ach an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ungáir, an Liotuáin agus an Ísiltír fógra don Choimisiún faoina mbearta náisiúnta trasuite faoin 4 Feabhra 2021 (nó go gairid ina dhiaidh sin), mar a cheanglaítear le hAirteagal 34 de Threoir ECN+.

([8]) Féach Cás C-577/23 An Coimisiún v An Eastóin (Treoir ECN +).

([9]) SWD(2021) 305 final, le fáil ag https://commission.europa.eu/document/download/d0bbd77f-bee5-4ee5-b5c4-6110c7605476_en?filename=swd2021_305_ga.pdf, leathanaigh 39 agus 40.

Le hAirteagal 5 tugtar isteach ceanglas ar na Ballstáit (i) a áirithiú go mbeidh na hacmhainní daonna, airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta chun a bpríomhchúraimí a dhéanamh faoi rialacha an Aontais in aghaidh trustaí; agus (ii) neamhspleáchas a thabhairt do na húdaráis sin agus an buiséad atá leithdháilte le haghaidh na gcúraimí sin á chaitheamh acu. Luaitear in Aithris 17 nár cheart na fíneálacha a ghearrann údaráis iomaíochta náisiúnta as sáruithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a úsáid chun na húdaráis sin a mhaoiniú go díreach. Déantar é sin chun a neamhchlaontacht a áirithiú.

Tá an tacar íosta ráthaíochtaí neamhspleáchais a cheanglaítear le Treoir ECN+ ina ndlíthe náisiúnta ag beagnach gach Ballstát faoi láthair, lena n-áirítear foráil shainráite lena ráthaítear neamhspleáchas oibríochtúil na n-údarás iomaíochta náisiúnta. Ráthaíonn formhór mór na mBallstát freisin gur cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta chun a gcúraimí a chur i gcrích. Tá ráthaíocht shainráite sna dlíthe náisiúnta, nó ráthaíocht intuigthe toisc gur féidir leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta tionchar a imirt ar na hacmhainní atá ar fáil dóibh sa phróiseas leithdháilte buiséid. Déantar údaráis iomaíochta náisiúnta eile a fhéinchistiú go príomha trí ranníocaíochtaí éigeantacha ó ghnóthais.

Le trasuí na Caibidle seo de Threoir ECN+, neartaíodh neamhspleáchas na n-údarás iomaíochta náisiúnta i bhformhór na mBallstát. Rinneadh é sin trí fhorálacha sainráite a ghlacadh lena ráthaítear a neamhspleáchas oibríochtúil agus buiséadach, trí rialuithe aireachta a bhí ann roimhe seo a bhaint, trí rialacha nua a thabhairt isteach chun coinbhleachtaí leasa a chosc, trí chosaint níos mó a thabhairt dá gcinnteoirí ar dhífhostú gan údar maith, agus trí chritéir roghnúcháin shoiléire a thabhairt isteach do na cinnteoirí sin. Feabhas suntasach i roinnt Ballstát is ea an chumhacht chun tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a shocrú agus diúltú do ghearáin fhoirmiúla ar fhorais tosaíochta.

Tá forálacha sainráite glactha ag roinnt Ballstát lena mbunaítear gur cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ag an údarás iomaíochta náisiúnta chun a chúraimí a dhéanamh. I roinnt Ballstát, fuair an t-údarás iomaíochta náisiúnta acmhainní breise ó thaobh a bhuiséid nó a fhoirne de tar éis thrasuí na Treorach.

Mar sin féin, léiríonn na measúnuithe comhlíontachta go gceadaíonn an dlí náisiúnta i roinnt Ballstát d'oifigigh rialtais páirt a ghlacadh in imeachtaí na n-údarás iomaíochta náisiúnta.

I mBallstát amháin, ní chumhdaítear gach cinnteoir de chuid an údaráis iomaíochta náisiúnta leis an gcosaint a cheanglaítear le hAirteagal 4(3) den Treoir i gcoinne cinnteoirí a dhífhostú gan údar maith. Thairis sin, i roinnt Ballstát, ní shainítear go soiléir sa dlí náisiúnta cad iad na forais incheadaithe le haghaidh dífhostaithe, agus go háirithe cad is 'mí-iompar tromchúiseach' ann a bhféadfadh dífhostú a bheith mar thoradh air. Leag Ballstát amháin foras breise síos freisin le haghaidh dífhostuithe sa bhreis ar na forais a leagtar amach sa Treoir.

Níl nós imeachta ceapacháin trédhearcach ná critéir roghnúcháin shoiléire ag roinnt Ballstát do na cinnteoirí laistigh dá n-údaráis iomaíochta náisiúnta.

I mBallstát amháin, níl cumhacht shainráite ag an údarás iomaíochta náisiúnta diúltú do ghearáin fhoirmiúla ar fhorais tosaíochta.

Níl aon ráthaíocht ann i roinnt Ballstát chun a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil do na húdaráis iomaíochta náisiúnta.

Ar deireadh, bíonn na húdaráis iomaíochta náisiúnta i roinnt Ballstát faoi réir formheasanna rialtais áirithe agus a mbuiséad leithdháilte á chaitheamh acu.

4.2. Cumhachtaí imscrúdaitheacha agus cumhachtaí cinnteoireachta

I gCaibidil IV de Threoir ECN+ leagtar síos na híoschumhachtaí éifeachtacha nach mór a bheith ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta chun imscrúduithe agus cinntí a dhéanamh. Is é an aidhm atá ann a áirithiú nach gcuirfear cosc ar údaráis iomaíochta náisiúnta deireadh éifeachtach a chur le sárú ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí mar gheall ar easpa cumhachtaí nó teorainneacha den sórt sin ina raon feidhme.

Áirithítear le hAirteagail 6 go 9 go bhfuil uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta. Faoi Airteagail 6 agus 7, tá na cumhachtaí ag na húdaráis cigireachtaí gan réamhfhógra a dhéanamh ag áitribh ghnó agus ag áitribh nach áitribh ghnó iad. Faoi Airteagal 8, tá an chumhacht acu iarrataí ar fhaisnéis a eisiúint agus faoi Airteagal 9, tá an chumhacht acu ionadaithe gnóthas, ionadaithe daoine dlítheanacha seachas gnóthais agus daoine nádúrtha a thoghairm chun agallaimh.

Tugtar isteach le hAirteagail 10 go 12 tacar íosta cumhachtaí cinnteoireachta ba cheart a bheith ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta. Faoi Airteagal 10, tá an chumhacht ag na húdaráis sin sárú a aimsiú, ceangal a chur ar an ngnóthas deireadh a chur leis agus leigheasanna struchtúracha agus iompraíochta a fhorchur. Féadfaidh siad a fháil amach freisin go ndearnadh sárú san am a chuaigh thart. Faoi Airteagal 11, tá an chumhacht acu bearta eatramhacha a ghlacadh ar a dtionscnamh féin (*ex officio*). Faoi Airteagal 12, is féidir leo glacadh le gealltanais ó ghnóthais.

Ó thaobh cumhachtaí imscrúdaitheacha de, tá beagnach gach Ballstát tar éis a ndlíthe náisiúnta a ailíniú leis an Treoir. I roinnt Ballstát, tugadh isteach cumhachtaí nua mar thoradh air sin, cuir i gcás an chumhacht cigireachtaí a dhéanamh ag áitribh nach áitribh ghnó iad, cigireachtaí a dhéanamh le cúnamh ó na póilíní, leanúint den chigireacht ag a áitreabh féin nó ag áitreabh ainmnithe, iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh chuig daoine dlítheanacha agus nádúrtha eile agus daoine ábhartha a thoghairm chun agallaimh. Chuaigh roinnt Ballstát thar na híoscheanglais a leagtar amach sa Treoir, tríd an gcumhacht a thabhairt do na húdaráis iomaíochta náisiúnta ceisteanna a chur le linn cigireachtaí ag áitribh nach áitribh ghnó iad agus na háitribh sin agus an doiciméadacht ábhartha a shéalú.

I roinnt Ballstát, áfach, léirítear leis na measúnuithe comhlíontachta teorainneacha áirithe ar chumhacht an údaráis iomaíochta náisiúnta cigireachtaí gan réamhfhógra a dhéanamh ag áitribh ghnó agus ag áitribh nach áitribh ghnó iad. Is minic gurb é atá i gceist leis an teorainn an t-údarás a bheith faoi cheangal caighdeáin dhlíthiúla a chomhlíonadh nach bhfuil i gcomhréir leis na caighdeáin dá bhforáiltear sa Treoir. Sainaithníodh teorainneacha áirithe freisin maidir le cumhacht an údaráis iomaíochta náisiúnta doiciméid leictreonacha a chuardach agus a chóipeáil in áitribh ghnó agus leanúint den chigireacht ina áitribh féin nó in áitribh ainmnithe. Níor thrasuigh gach Ballstát an réamhúdarú breithiúnach a cheanglaítear le Treoir ECN+ le haghaidh cigireachtaí ag áitribh nach áitribh ghnó iad.

Thairis sin, i roinnt Ballstát cuirtear cosc ar an údarás iomaíochta náisiúnta faisnéis a iarraidh ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha eile.

I roinnt cásanna eile, cuirtear cosc ar an údarás iomaíochta náisiúnta ionadaithe daoine dlítheanacha eile agus/nó daoine nádúrtha a thoghairm chun agallaimh.

Ó thaobh cumhachtaí cinnteoireachta de, tá an tacar íosta cumhachtaí dá bhforáiltear i dTreoir ECN+ ag na Ballstáit uile ina ndlíthe náisiúnta. Rinneadh feabhsuithe móra i roinnt Ballstát nach raibh sé de chumhacht ag an údarás iomaíochta náisiúnta leigheasanna iompraíochta agus struchtúracha a fhorchur iontu go fóill, agus i roinnt Ballstát nach raibh na húdaráis iomaíochta náisiúnta in ann bearta eatramhacha a ghlacadh iontu roimhe sin ar a dtionscnamh féin. I roinnt Ballstát, bunaíodh tástáil margaidh sa nós imeachta le haghaidh cinntí gealltanais. Bhain roinnt Ballstát úsáid as trasuí Threoir ECN+ chun a n-údarás iomaíochta náisiúnta a chumhachtú chun cinntí socraíochta a ghlacadh, cé gur cumhacht í sin nach gcumhdaítear leis an Treoir.

Mar sin féin, léirítear sna measúnuithe comhlíontachta go gceanglaítear ar an údarás iomaíochta náisiúnta i roinnt Ballstát 'leas dlisteanach' a thaispeáint chun teacht ar shárú a rinneadh san am a chuaigh thart, ar ceanglas é nach bhforáiltear dó i dTreoir ECN+.

4.3. Fíneálacha agus íocaíochtaí tréimhsiúla pionósacha

Faoi Chaibidil V de Threoir ECN+, is féidir le húdaráis iomaíochta náisiúnta fíneálacha díspreagthacha a ghearradh ar ghnóthais.

Foráiltear le hAirteagal 13 go ngearrfaidh údaráis iomaíochta náisiúnta fíneálacha ina n-imeachtaí riaracháin féin nó go bhféachfaidh siad le fíneálacha a ghearradh in imeachtaí breithiúnacha neamhchoiriúla ar ghnóthais as sáruithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí. Áirithítear leis freisin gur féidir leo fíneálacha a ghearradh i gcás nach gcomhlíontar bearta nó cinntí imscrúdaitheacha.

Le hAirteagal 14 tugtar isteach croípharaiméadair ar cheart do na húdaráis iomaíochta náisiúnta a bhreithniú agus méid na fíneála á chinneadh acu. Déantar foráil ann freisin maidir leis an bhféidearthacht fíneálacha a ghearradh ar chomhlachais gnóthas bunaithe ar láimhdeachas a gcomhaltaí. Leagtar síos in Airteagal 15 bonn coiteann íosta maidir leis an bhfíneáil uasta dhlíthiúil is féidir a ghearradh as sáruithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí. Tá an tsaoirse ag na Ballstáit uasfhíneáil dhlíthiúil níos airde a thabhairt isteach.

Déantar foráil in Airteagal 16 maidir leis an gcumhacht íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ghearradh chun a áirithiú go gcomhlíonfar bearta agus cinntí imscrúdaitheacha.

Tar éis thrasuí Threoir ECN+, tá sé de chumhacht ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta i mbeagnach gach Ballstát fíneálacha éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, mar aon le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, a ghearradh ar ghnóthais agus ar chomhlachais gnóthas.

Rinneadh feabhsuithe suntasacha i roinnt Ballstát, bhí athruithe suntasacha ar a gcóras forfheidhmiúcháin mar thoradh ar chur chun feidhme Threoir ECN+. D'aistrigh dhá Bhallstát ó chóras forfheidhmiúcháin de chineál iomlán coiriúil go dtí córas measctha sibhialta/coiriúil lena gceadaítear anois do chúirt shibhialta fíneálacha a ghearradh nó a dheimhniú freisin. Bhí córas forfheidhmiúcháin a chomhlíon an Treoir ag dhá Bhallstát eile cheana féin agus thapaigh siad an deis a gcóras a dhéanamh níos éifeachtúla: i mBallstát amháin, ní cheanglaítear ar an údarás iomaíochta náisiúnta iarratas a dhéanamh chun na cúirte a thuilleadh ach is féidir leis fíneálacha a ghearradh mar chuid dá imeachtaí riaracháin féin; sa Bhallstát eile, ní gá don údarás iomaíochta náisiúnta nós imeachta dlí choiriúil a leanúint a thuilleadh chun fíneálacha a ghearradh ar ghnóthais.

Thairis sin, mhéadaigh roinnt Ballstát uasmhéideanna na bhfíneálacha, agus i mBallstáit eile is féidir fíneálacha a ghearradh as sáruithe nós imeachta. Bunaíodh 'coincheap an

ghnóthais' i mBallstát eile, agus is féidir fíneálacha a ghearradh ann anois ar mháthairchuideachtaí agus ar chomharbaí dlíthiúla. I mBallstáit eile, tá sé de chumhacht ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta anois fíneálacha a ghearradh ar chomhlachais gnóthas bunaithe ar láimhdeachas a gcomhaltaí agus iallach a chur ar an gcomhlachas ranníocaíochtaí a iarraidh óna chomhaltaí chun an fhíneáil a chumhdach.

Mar sin féin, léirítear sna measúnuithe comhlíontachta go bhfuil teorainneacha áirithe fós ann i roinnt Ballstát ina gcuirtear cosc ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta fíneálacha nós imeachta a ghearradh i gcás nach gcomhlíontar bearta imscrúdaitheacha agus/nó cinntí nó nach féidir leo fíneálacha den sórt sin a fhorchur ach amháin i gcás cineálacha áirithe neamhchomhlíontachta. Thairis sin, i mBallstát amháin, bheadh ar an údarás iomaíochta náisiúnta duine nádúrtha a chur faoi dhliteanas i dtús báire sula ngearrfadh sé fíneáil ar an ngnóthas as an sárú sin. I mBallstát eile, níl uasmhéid na fíneála is féidir leis an údarás iomaíochta náisiúnta a ghearradh as sáruithe ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí i gcomhréir le ceanglais Threoir ECN+.

4.4. Trócaire

I gCaibidil VI de Threoir ECN+ leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le cláir náisiúnta thrócaire. Uirlis thábhachtach maidir le cairtéil a bhrath is ea cláir thrócaire. Is é an aidhm atá ann an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do ghnóthais ar mian leo iarratas a dhéanamh ar thrócaire, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go bhfuil dreasacht acu comhoibriú leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta trí na difríochtaí idir na cláir thrócaire is infheidhme sna Ballstáit a laghdú.

Le hAirteagal 17 leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le díolúine ó fhíneálacha a dheonú do ghnóthais a nochtann a rannpháirtíocht i gcairtéil rúnda. Le hAirteagal 18 leagtar síos na coinníollacha maidir le laghdú fíneálacha a dheonú do ghnóthais nach gcáilíonn le haghaidh díolúine iomlán ach a sholáthraíonn fianaise a bhfuil breisluach suntasach ag baint léi chun a chruthú gurb ann do chairtéal rúnda. Sonraítear in Airteagal 19 na coinníollacha ginearálta nach mór d'aon iarratasóir a bhfuil trócaire á lorg aige a chomhlíonadh, chun a áirithiú go gcomhoibreoidh sé go hiomlán agus go gcuirfear deireadh lena rannpháirtíocht sa chairtéal. Déantar foráil in Airteagal 20 maidir le rialacha aonfhoirmeacha i ndáil le foirm, cur isteach agus teanga na ráiteas trócaire.

Le hAirteagal 21 tugtar isteach rialacha comhchuibhithe maidir le 'marcóirí' le haghaidh iarratais ar dhíolúine ó fhíneálacha. Leis na hiarratais ghiorraithe sin ar dhíolúine, is féidir áit sa scuaine trócaire a thabhairt do ghnóthais agus dóthain faisnéise agus fianaise á mbailiú acu chun cáiliú le haghaidh díolúine ó fhíneálacha. Le hAirteagal 22 tugtar isteach córas cuíchóirithe le haghaidh iarratais achoimre. Cuireann sé ar a gcumas d'iarratasóirí a bhfuil iarratas ar thrócaire curtha faoi bhráid an Choimisiúin acu iarratais achoimre a chur faoi bhráid na n-údarás iomaíochta náisiúnta i dtaca leis an gcairtéal rúnda céanna.

Ar deireadh, le hAirteagal 23 tugtar isteach cosaint ar smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla d'fhoireann reatha agus d'iarfhoireann iarratasóirí ar dhíolúine, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Tá cláir thrócaire i bhfeidhm ag gach Ballstát anois a leanann rialacha agus nósanna imeachta aonfhoirmeacha. Mar thoradh ar thrasuí Threoir ECN+, tugadh isteach cláir trócaire riaracháin in dhá Bhallstát. I mBallstáit eile, códaíodh na cláir thrócaire sa reachtaíocht phríomhúil nó sa reachtaíocht thánaisteach. Ar bhonn níos ginearálta, tá comhchuibhiú níos fearr ann idir na cláir thrócaire ar fud an Aontais mar thoradh ar an trasuí. I roinnt Ballstát, spreag trasuí tabhairt isteach marcóirí agus iarratas achoimre

freisin. Tá cosaint i gcoinne smachtbhannaí coiriúla tugtha isteach ag Ballstáit eile d'fhoireann iarratasóirí ar dhíolúine.

Tá príomhfhorálacha Threoir ECN+ maidir le trócaire curtha chun feidhme ag na Ballstáit uile. Mar sin féin, léirítear sna measúnuithe comhlíontachta nach gcuirtear cosc ar na húdaráis iomaíochta náisiúnta i roinnt Ballstát tuilleadh faisnéise a iarraidh ar ghnóthais a bhfuil iarratas achoimre curtha isteach acu agus/nó nach gceanglaítear orthu iarratas iomlán a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla sula mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún maidir leis an gcás a shaothrú.

I roinnt Ballstát, ní dhéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le cosaint ar smachtbhannaí riaracháin agus/nó coiriúla d'fhoireann iarratasóirí ar dhíolúine nó cheanglófaí ar an mball foirne iarratas aonair ar dhíolúine a chur isteach freisin. I mBallstát eile, tugann an dlí náisiúnta lánrogha don ionchúisitheoir poiblí cinneadh a dhéanamh maidir leis na daoine sin a hionchúiseamh nó pionós a ghearradh orthu.

Saincheist ghaolmhar is ea nach gceanglaíonn roinnt Ballstát go sonrach ar údaráis iomaíochta náisiúnta na teagmhálacha is gá a áirithiú idir na húdaráis inniúla ionchúisimh nó smachtbhannaí ina mBallstáit féin agus údaráis iomaíochta Ballstát eile chun a ráthú go ndéanfar foireann iarratasóirí ar dhíolúine a chosaint ar smachtbhannaí riaracháin agus/nó coiriúla i gcásanna trasteorann.

4.5. Cúnamh frithpháirteach

I gCaibidil VII de Threoir ECN+ tugtar isteach rialacha comhchuibhithe lena n-éascaítear cúnamh frithpháirteach idir údaráis iomaíochta náisiúnta. Leis na sásraí cúnaimh fhrithpháirtigh sin, tugtar cumhacht do na húdaráis iomaíochta náisiúnta dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú go héifeachtach lasmuigh dá dteorainneacha féin, rud a fhágann gur féidir leis an gcóras díláraithe chun rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú feidhmiú mar aonad comhtháite.

Le hAirteagal 24 ceadaítear d'oifigigh ó údaráis iomaíochta náisiúnta freastal ar chigireachtaí agus ar agallaimh arna ndéanamh ag údarás iomaíochta náisiúnta eile thar a gceann agus cúnamh a thabhairt ina leith. Tugtar de chumhacht do na húdaráis iomaíochta náisiúnta freisin a gcumhachtaí imscrúdaitheacha a úsáid chun neamhchomhlíonadh beart agus cinntí arna ndéanamh ag údaráis iomaíochta náisiúnta eile a shuí. Faoi Airteagail 25 agus 26, is féidir leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta iarraidh ar a chéile fógra a thabhairt faoi dhoiciméid agus cinntí a fhorfheidhmiú thar a gceann, trí ionstraim aonfhoirmeach a úsáid.

Leagtar síos in Airteagail 27 agus 28 prionsabail ghinearálta le haghaidh comhair, mar shampla maidir leis an dlí is infheidhme, ábhar na hionstraime aonfhoirmí, ceanglais teanga, cumhdach costas, an fhéidearthacht cúnamh a dhiúltú agus díospóidí a bhaineann le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach a láimhseáil.

Le Treoir ECN+, neartaíodh an comhar idir na húdaráis iomaíochta náisiúnta. Thug sí cumhacht nua do na húdaráis sin a mbearta imscrúdaitheacha a úsáid chun neamhchomhlíonadh beart imscrúdaitheach agus cinntí arna nglacadh ag údaráis iomaíochta náisiúnta eile a shuí. Tá an 'ionstraim aonfhoirmeach' tugtha isteach aici freisin, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca anois d'údaráis iomaíochta náisiúnta fógra a thabhairt maidir lena ngníomhartha nó iad a fhorfheidhmiú i mBallstáit eile.

Mar sin féin, léirítear sna measúnuithe comhlíontachta nach bhfuil an chumhacht shainráite ag údaráis iomaíochta náisiúnta i roinnt Ballstát bearta imscrúdaitheacha a úsáid chun comhlíonadh beart imscrúdaitheach agus cinntí arna ndéanamh ag údaráis iomaíochta náisiúnta eile a fhíorú, nó cúnamh frithpháirteach den sórt sin a iarraidh, nó faisnéis arna bailiú sa chomhthéacs sin a mhalartú lena húsáid mar fhianaise ina n-imeachtaí forfheidhmiúcháin.

I roinnt Ballstát, níl aon chumhacht shainráite ann chun a iarraidh go ndéanfadh údaráis iomaíochta náisiúnta eile fógra a thabhairt faoi ghníomhartha nó cinntí a fhorfheidhmiú, nó tá an chumhacht sin faoi réir coinníollacha níos déine ná na coinníollacha dá bhforáiltear sa Treoir. Ar deireadh, ní chuireann roinnt Ballstát as an áireamh an fhéidearthacht tréimhsí teorann náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le cinntí fíneála arna ndéanamh ag údaráis iomaíochta náisiúnta eile, rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar na húdaráis sin an cúnamh frithpháirteach a iarradh a sholáthar.

4.6. Tréimhsí teorann

I gCaibidil VIII de Threoir ECN+ tá rialacha maidir le tréimhsí teorann i dtaca le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla arna bhforchur ag údaráis iomaíochta náisiúnta.

Faoi Airteagal 29(1), ní mór tréimhsí teorann náisiúnta a chur ar fionraí nó a bhriseadh ar feadh thréimhse na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin i ndáil leis an sárú céanna ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí ag údarás iomaíochta náisiúnta eile nó ag an gCoimisiún. Áirithítear leis sin go n-oibríonn an córas cumhachtaí comhthreomhara laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta go héifeachtach, agus nach gcuirtear cosc ina dhiaidh sin ar údaráis iomaíochta náisiúnta eile scrúdú a dhéanamh ar an iompar atá i gceist nó cinneadh a dhéanamh.

Ceanglaítear le hAirteagal 29(2) ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear a dtréimhsí teorann ar fionraí nó a bhriseadh agus cinntí fíneála a n-údarás iomaíochta náisiúnta faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Cuireann sé sin cosc ar imeachtaí achomhairc fada difear a dhéanamh do chumhacht na n-údarás iomaíochta náisiúnta fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ghearradh.

Feabhas mór a tháinig as Treoir ECN+ is ea go bhfuil riail ag gach Ballstát anois lena n-áirithítear nach bhfuil cosc ama ar a n-údaráis iomaíochta náisiúnta fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ghearradh nuair atá an Coimisiún nó údarás iomaíochta náisiúnta eile ag déileáil leis an sárú céanna.

Mar sin féin, léirítear sna measúnuithe comhlíontachta go bhfuil roinnt dlíthe náisiúnta débhríoch maidir le cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an fhionraí nó an briseadh le gach gnóthas a bhfuil baint aige leis an sárú. Ní cheadaítear le dlíthe náisiúnta eile an fionraí nó an briseadh a ghníomhachtú ach amháin ar choinníoll go ndéantar bearta áirithe (mar shampla, tionscnamh foirmiúil na n-imeachtaí).

4.7. Forálacha ginearálta

I gCaibidil IX de Threoir ECN+ tá forálacha ginearálta maidir le ról na n-údarás iomaíochta náisiúnta riaracháin os comhair na gcúirteanna náisiúnta, le rochtain na bpáirtithe ar chomhaid, le teorainneacha ar rochtain ar fhaisnéis agus ar úsáid faisnéise, agus le hinghlacthacht fianaise os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta.

Áirithítear le hAirteagal 30 go bhfuil an chumhacht ag údaráis iomaíochta náisiúnta riaracháin a gcásanna a thabhairt agus/nó a chosaint os comhair cúirteanna náisiúnta.

Féachtar le hAirteagal 31 teorainn a chur le húsáid catagóirí áirithe faisnéise a chuireann gnóthais faoi bhráid na n-údarás iomaíochta náisiúnta le linn imeachtaí forfheidhmiúcháin. Trí dheimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir le cosaint na faisnéise sin, féachtar le Treoir ECN+ éifeachtacht na nósanna imeachta forfheidhmiúcháin agus na gclár trócaire agus socraíochta a áirithiú.

Déantar foráil in Airteagal 31(2) maidir le hoibleagáid ghinearálta na rúndachta gairmiúla d'údaráis iomaíochta náisiúnta agus dá bhfoireann. Le hAirteagal 31(3), cuirtear srian le rochtain ar ráitis trócaire agus ar aighneachtaí socraíochta in aon imeacht ábhartha inar féidir na doiciméid sin a ionchorprú, mar shampla in imeachtaí coiriúla nuair a cheanglaítear ar údaráis iomaíochta náisiúnta a gcomhaid a chur ar aghaidh chuig an ionchúisitheoir poiblí. Le hAirteagal 31(4), cuirtear teorainn leis an gcaoi ar féidir le páirtithe a bhfuil rochtain faighte acu ar chomhad imeachtaí forfheidhmiúcháin na n-údarás iomaíochta náisiúnta úsáid a bhaint as faisnéis ó ráitis trócaire agus ó aighneachtaí socraíochta. Le hAirteagal 31(5), cuirtear toirmeasc ar pháirtithe catagóirí áirithe faisnéise a úsáid in imeachtaí os comhair cúirteanna náisiúnta i gcás ina bhfuil imeachtaí forfheidhmiúcháin arna dtionscnamh ag an údarás iomaíochta náisiúnta fós ar siúl. Ar deireadh, leagtar síos in Airteagal 31(6) coinníollacha sonracha maidir le ráitis trócaire a mhalartú idir údaráis iomaíochta náisiúnta.

Áirithítear le hAirteagal 32 go mbeidh gach cineál cruthúnais inghlactha mar fhianaise os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta, gan beann ar an bhfoirm a bhíonn i gceist leo agus ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte.

Tar éis thrasuí Threoir ECN+, tá an chumhacht ag údaráis iomaíochta náisiúnta i ngach Ballstát a gcásanna a thabhairt agus/nó a chosaint os comhair cúirteanna náisiúnta. Léirítear sna measúnuithe comhlíontachta, áfach, nach bhfuil an ceart ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta i roinnt Ballstát achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltú ó údarás breithiúnach náisiúnta réamhúdarú a dheonú le haghaidh cigireachtaí.

I ngach Ballstát, tá na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus a bhfoireann faoi réir oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil. Thairis sin, déanann na Ballstáit uile foráil ina ndlíthe náisiúnta maidir le roinnt teorainneacha ar úsáid catagóirí áirithe faisnéise, go háirithe ráitis trócaire agus aighneachtaí socraíochta.

Mar sin féin, léirítear leis na measúnuithe comhlíontachta teorainneacha áirithe. I bhformhór mór na mBallstát, ní chuireann an dlí náisiúnta srian ar rochtain ar ráitis trócaire agus aighneachtaí socraíochta i ngach imeacht ábhartha inar féidir na doiciméid sin a ionchorprú. I roinnt Ballstát, níl úsáid na faisnéise a fhaightear ó ráitis trócaire agus aighneachtaí socraíochta trí rochtain ar na comhaid teoranta go sainráite do na himthosca sonracha ar a dtugtar tuairisc i dTreoir ECN+. Ina theannta sin, i roinnt Ballstát ní ann do srian ar úsáid catagóirí áirithe faisnéise i gcás ina bhfuil imeachtaí forfheidhmiúcháin arna dtionscnamh ag an údarás iomaíochta náisiúnta fós ar siúl, nó ní bhaineann an srian sin le gach imeacht cúirte náisiúnta.

I ngach Ballstát, tá gach cineál cruthúnais inghlactha mar fhianaise os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta, gan beann ar an bhfoirm a bhíonn i gceist leo agus ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte.

5. FORBAIRTÍ CÁSDLÍ IONCHASACHA A BHAINEANN LE TREOIR ECN+

Tar éis ghlacadh Threoir ECN+, cuireadh roinnt iarrataí ar réamhrialú faoi bhráid CBAE maidir le hoibleagáidí faoi Threoir ECN+.

Is iarraidh ón Ostair é Cás C-2/23 *FL und KM Baugesellschaft agus S* lena lorgaítear treoir i dtaobh an féidir leis an dlí náisiúnta cead a thabhairt d'ionchúisitheoirí coiriúla rochtain a fháil ar ráitis trócaire agus aighneachtaí socraíochta agus iad a úsáid. Tá coinne leis go gcuirfear treoir ar fáil leis an rialú ó CBAE maidir le ráitis trócaire agus aighneachtaí socraíochta a chosaint (Airteagal 31(3)) i gcomhthéacs an chomhair idir údaráis iomaíochta náisiúnta agus údaráis rialála nó ionchúisimh eile.

Is iarrataí ón bPortaingéil iad Cásanna Uamtha C-258/23 go C260/23 *Imagens Médicas Integradas agus Eile*, chomh maith le Cásanna C-132/24 *Apap agus Eile* agus C-195/24 *Blueotter agus Eile*, ina lorgaítear treoir i dtaobh an féidir comhfhreagras ríomhphoist a urghabháil le linn cigireachtaí in áitribh ghnó gan údarú breithiúnach a bheith ann roimh ré. Is iarraidh ón mBulgáir é cás C-619/23 *Ronos* ina lorgaítear treoir i dtaobh an bhféadfadh coimircí bunreachtúla teorainn a chur leis an gcumhacht comhfhreagras comhrá a chuardach i bhfeidhmchlár ar ríomhaire glúine a aimsítear le linn cigireachtaí ar áitribh ghnó. Leis na rialuithe sin ó CBAE, meastar go soláthrófar soiléirithe maidir le cumhachtaí cigireachta (Airteagal 6), inghlacthacht fianaise (Airteagal 32), agus dualgas na mBallstát coimircí nós imeachta a cheapadh ar bhealach lena mbainfear cothromaíocht amach idir cearta bunúsacha gnóthas agus an dualgas chun a áirithiú go ndéanfar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú go héifeachtach (Aithris 14).

Is iarraidh ón Iodáil é Cás C-511/23 *Caronte & Tourist SpA* lena lorgaítear treoir i dtaobh an bhfuil teorainneacha ama le haghaidh réamh-imscrúduithe gearán na n-údarás iomaíochta náisiúnta comhoiriúnach le forfheidhmiú éifeachtach rialacha an Aontais in aghaidh trustaí. Féadfaidh an rialú ó CBAE aghaidh a thabhairt freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teorainneacha ama den sórt sin ar chumhacht na n-údarás iomaíochta náisiúnta tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a shocrú (Airteagal 4(5)).

Ar deireadh, is iarraidh ón Iodáil é Cás C-588/24 *Imballaggi Piemontesi* ina lorgaítear treoir i dtaobh an bhfuil foráil náisiúnta lena gceadaítear don údarás iomaíochta, faoi choinníollacha áirithe agus le húdar réasúnaithe, síneadh a chur leis na teorainneacha ama ar laistigh díobh nach mór imeachtaí forfheidhmiúcháin a thabhairt i gcrích, comhoiriúnach leis an dualgas imeachtaí a sheoladh laistigh de thréimhse ama réasúnta (Airteagal 3(3)).

6. CONCLÚID

Is é is aidhm don Treoir ECN+ údaráis iomaíochta náisiúnta a chumhachtú chun rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí trí thacar íosta ráthaíochtaí neamhspleáchais agus cumhachtaí imscrúdaitheacha, cinnteoireachta agus fíneála a thabhairt isteach, cláir thrócaire a chomhchuibhiú agus comhar idir údaráis iomaíochta náisiúnta a fheabhsú. Dá bhrí sin, comhlánaíonn Treoir ECN+ an córas forfheidhmiúcháin díláraithe a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, lenar tugadh an chumhacht d'údaráis iomaíochta náisiúnta rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a fhorfheidhmiú gan cumhachtaí forfheidhmiúcháin comhchuibhithe a thabhairt dóibh.

Thrasuigh gach Ballstát seachas ceann amháin príomhfhorálacha na Treorach, cé go ndearna an chuid is mó acu amhlaidh ach go raibh moill orthu an méid sin a dhéanamh.

Leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú agus d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Threoir ECN+ ag na Ballstáit agus déanfaidh sé bearta iomchuí, lena n-áirítear imeachtaí um shárú i gcás inar gá, chun a áirithiú go ndéanfar í a thrasuí go hiomlán agus i gceart ar fud an Aontais. Leanfaidh an Coimisiún freisin d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit sa réimse sin d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir ECN+ a luaithe a bheidh taithí leordhóthanach faighte ó chur i bhfeidhm na rialacha nua.